

DOLÁIL AR LOCH NA SGAINIMH.

Chuala mé m'athair a ráidh go bhfaca sé mórsheisear fear ag doláil le eangach ar Oileán an Fhiadh i Loch Sgainimh. Go moch ar maidin chonnaic sé iad agus nuair a thugadh siad an eangach amach san uisge bhíodh triúr aca ag tarraingt na heangaighe. Dhéanadh siad fáinne agus thigheadh siad isteach aríst.

Chuala mé an sgéal céadna ag seanbhean le goirid. Chonnaic mé an doláil dhá dhéanamh i n-abhainn un Gaillimhe agus neart bradáin dá marbú. Dubhairt an tseanbhean liom nach aon fhir shaoghalta a bhí ionnta. Bhfachtas dom athair go raibh na fir ag siubhal ar bharr an uisge.